



An  
Bord  
Pleanála

## Beartas & Treoirlínte um Sholáthar Poiblí I gcás Earraí & Seirbhísí

Eanáir 2020



## Clár

BEARTAS SOLÁTHAIR.....	3
1. Introduction.....	3
2. Príomhphrionsabail.....	3
3. Reachtaíocht maidir le Fiontair Bheag agus Mheánmhéide.....	5
4. Forálacha Comhshaoil, Sóisialta & Oibre.....	6
5. Ról & Freagrachtaí.....	6
6. Clár na gConarthaí.....	8
7. Ag tuairisciú do.....	8
8. Síneadh ar Chonarthaí.....	8
9. Conarthaí Lárnacha & Socruithe Creata.....	9
10. Soláthar Leictreonach.....	9
11. Soláthar TFC.....	10
12. Eisiaimh.....	10
13. Róchaiteachas.....	11
14. Mionathrú Conartha.....	11
TREOIRLÍNTE SOLÁTHAIR.....	13
1. An Chéim Réamhtairisceana.....	13
2. Tairiscintí faoin Tairseach.....	16
3. Tairiscintí os cionn na Tairsí - Rialacha AE.....	18
Diúscairt Sócmhainní.....	19
AGUISÍN 1 - Foirm chun Diúscairt Sócmhainní Socraithe a Údarú.....	20
AGUISÍN 2 – Na Príomhdhoiciméid Tagartha.....	21

## BEARTAS SOLÁTHAIR

### 1. Réamhrá

Gheofar sa doiciméad seo beartas agus treoirlínte an Bhoird Pleanála maidir le hearraí agus seirbhísí a sholáthar.

Faoi fhorálacha an Chóid Cleachtas chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, tá cúram ar an mBord é féin a shásamh go gcloítear leis na riachtanais maidir le soláthar poiblí agus a bheith lán ar an eolas faoi na tairseacha reatha luacha a bhaineann le feidhmiú na rialacha soláthair AE agus náisiúnta.

I gcomhréir leis an gCód réamhluaithe, cinnteoidh an Bord go mbeidh tairisciní iomaíochta ina ngnás caighdeánach de phróiseas soláthair an Bhoird Pleanála. Féachfaidh bainisteoirí, agus ar deireadh an Bord, chuige go ndírítear go cuí ar dhea-chleachtas ceannaigh agus go bhfuil gnásanna i bhfeidhm le cinntiú go gcloítear leis an mbeartas agus le treoirlínte soláthair.

Ní mór gach soláthar laistigh den Bhord Pleanála a dhéanamh de réir na reachtaíochta ábhartha soláthair. Mar chomhlacht poiblí, comhlíonann an Bord Pleanála na gnásanna maidir le soláthar poiblí i gcoitinne atá leagtha síos sna Treoirlínte um Sholáthar Poiblí i gcás Earraí agus Seirbhísí a d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe in Eanáir 2019. Baineann na treoirlínte seo le Creat-Bheartas Náisiúnta Soláthair na hOifige um Sholáthar Rialtais, ina bhfuil cúig shnáithe:

- Reachtaíocht (Treoracha agus Rialacháin)
- Beartas (Ciorcláin srl.)
- Treoirlínte Ginearálta
- Creat um Bainistíocht Oibreacha Caipitil
- Treoirlínte Teicniúla (doiciméid teimpléid agus nótaí a eisíonn Aonad Beartais na hOifige um Sholáthar Rialtais go tréimhsiúil)

Ní mhaítear sa treoir seo gur léirmhíniú é ar an dlí. Ba chóir comhairle dhlíthiúil a fháil áit is cuí.

Athbhreithneofar an doiciméad seo tar éis aon athruithe a dhéanamh ar reachtaíocht AE nó reachtaíocht náisiúnta nó nuashonruithe ar threoirlínte náisiúnta.

Gheofar liosta de na príomhdhoiciméid a bhaineann le cúrsaí soláthair ag [Aguisín 2](#).

Tagraítear do dhiúscairt sócmhainní ag leathanach 19 den doiciméad seo.

### 2. Príomhphrionsabail

Beidh feidhm ag na prionsabail seo a leanas maidir le soláthar in An Bord Pleanála.

#### A. Prionsabail Chonarthaí AE

- **caitheamh comhionann agus neamh-idirdhealú** (caithfear caitheamh le gach páirtí go comhionann agus gan chlaonadh ag gach céim den phróiseas)
- **trédhearcacht** (ní mór don phróiseas soláthair a bheith soiléir agus in-iniúchta go héasca)

- **aithint fhrithpháirteach** (ní mór an bhailíocht chéanna a thabhairt do cháilíochtaí agus do chaighdeán na mBallstát eile)
- **comhréireacht** (ní mór do nósanna imeachta agus cinntí soláthair a bheith comhréireach)
- **saorghluaiseacht earraí agus seirbhísí** (deireadh a chur le dleachta custaim agus le srianta cainníochtúla ar earraí/seirbhísí idir bhallstáit)
- **ceart bunaíochta** (gabháil do ghníomhaíocht eacnamúil ar shlí chobhsaí leanúnach i mBallstát eile).

## B. Cuntasacht

Gach soláthar a dhéanann an Bord Pleanála, bunaítear é ar na prionsabail seo a leanas:

- cothroime, cothromas agus an luach is fearr ar airgead
- comhlíonadh dlí AE agus an dlí náisiúnta agus treoirlínte náisiúnta
- barrúsáid na gcreat-chomhaontuithe lárnacha

## C. Leithroinnt Feidhmeanna

Agus an fheidhm sholáthair á heagrú, cinnteoidh an Bord Pleanála go ndéantar dualgais laistigh den timthriall soláthair a leithroinnt go cuí. Mar shampla, ba chóir earraí agus seirbhísí a ordú agus a fháil ar shlí atá scartha ó íocaíochtaí as earraí agus seirbhísí.

## D. Measúnú Riosca

Nuair a bhíonn riosca soláthair á mheas, mar shampla i gcás ina mbeadh praghas ard nó próiseas casta i gceist, cinnteoidh An Bord Pleanála go ndéantar an riosca a mheas i gcás gach catagóire earraí agus seirbhísí ag tagairt do na tosca seo a leanas:

- Nádúr an mhargaidh sholáthair, m.sh. an bhfuil sé i bhfabhar an cheannaitheora nó an tsoláthraí?
- An dóchúlacht go gclisfidh ar an soláthar
- Tionchar cliseadh soláthair ar an eagraíocht
- A thábhacht straitéiseach don eagraíocht

## E. Coimeád Taifead

Coimeádfaidh An Bord Pleanála taifid chuí ó thús deireadh an phróisis cheannaigh agus go ceann trí bliana ina dhiaidh. Gheofar sna taifid rian iniúchta ar na cúiseanna le cinntí áirithe soláthair a dhéanamh.

## F. Oiliúint

Féachfadh An Bord Pleanála chuige go mbíonn an fhoireann atá ag obair ar chúrsaí soláthair ar an eolas go hiomlán faoi na rialacha ábhartha AE agus náisiúnta agus go gcomhlíontar iad agus an fheidhm sholáthair á cur i gcrích.

## G. Coinbhleachtaí Leasa

Déanfaidh ABP gach beart is cuí chun coinbhleachtaí leasa a chosc, aithint agus a leigheas le linn nós imeachta soláthair a bheith á sheoladh chun saobhadh iomaíochta a sheachaint agus chun caitheamh comhionann le tairiscintí a chinntiú. Áirítear i gcoinbhleacht leasa cás ina mbeadh leas airgeadais, eacnamúil nó leas pearsanta eile ag ball den Bhord nó den fhoireann a bhraithfí a d'fhéadfadh difear a dhéanamh dá c(h)umas a bheith neamhchlaonta agus neamhspleách i nós imeachta soláthair.

## H. Tairiscintí Claonpháirteacha

Má tá amhras ar bhall den Bhord nó den fhoireann atá páirteach i bhfeidhm sholáthair go bhfuil camastaíl tairisceana ann nó tairiscint chlaonpháirteach á déanamh m.sh. grúpa tairgeoirí ag féachaint le comhcheilg a dhéanamh faoi rún chun go mbuafaidh duine ar leith i gcomórtas tairiscintí, ba shárú tromchúiseach iad gníomhaíochtaí den sórt sin ar an dlí iomaíochta agus ba chóir iad a chur ar shúile an Choimisiúin Iomaíochta agus an Choimisiúin um Chosaint Tomhaltóirí.

## I. Breabanna a Ghlacadh

I gcomhréir le Cód Iompair An Bhoird Pleanála, níor chóir do bhall ná d'fhostaí aon bhronntanas, cuireadh, urraíocht, comaoin nó fabhar a ghlacadh ná a fháil, ná iarracht a dhéanamh aon cheann díobh a ghlacadh ná a fháil ó aon duine ná ó aon chomhlacht ar a s(h)on féin ná ar son duine ar bith eile, nuair a d'fhéadfaí é a léirmhíniú mar spreagadh nó luach saothair as aon rud a dhéanamh nó gan rud a dhéanamh nó aon tionchar a imirt ar fheidhmeanna nó ar ghnó an Bhoird.

Cionta faoin Acht um Cheartas Coiriúil (Cionta Éillithe) 2018 is ea breab a thairiscint agus breab a ghlacadh.

## 3. Reachtaíocht maidir le Fiontair Bheag agus Mheánmhéide

Leagtar amach i Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Conarthaí Údaráis Phoiblí a Bhronnadh) 2016 (Rialacháin 2016) beartas a cheanglaítear ar údaráis chonartha chun gur fusa do ghnólachtaí agus go háirithe do GBM tairiscint a dhéanamh ar chonarthaí soláthair san Earnáil Phoiblí. Áirítear na bearta a ceapadh go sainráite chun teacht níos fearr a thabhairt do FBManna agus do chomhlachtaí nuabhunaithe:

- socraítear critéar an chumais airgeadais de ghnáth ag dhá oiread luach an chonartha
- ceanglaítear cumarsáid a dhéanamh i bhfoirm leictreonach i gcodanna den phróiseas tairisceana
- Doiciméad Aonair Soláthair Eorpaigh (ESPD) a thabhairt isteach, ar foirm fhéindearbhairthe í trína bhféachtar leis an maorlathas a laghdú i gcás soláthraithe
- lánrogha chun conarthaí poiblí a roinnt ina mbearta, ar choinníoll go gcaithfear míniú a thabhairt sna doiciméid soláthair nó sa tuarascáil ar an bpróiseas soláthair ar an bhfáth nach bhfuil conradh á roinnt ina bhearta
- is féidir go gcuideodh foráil le haghaidh “tairiscintí cuibhreannais” le FBM bheith rannpháirteach i nósanna imeachta soláthair i gcás nach mbeadh an cumas ná an scála riachtanach acu cur isteach air mar thairgeoirí aonair.

- foráil shainráite le haghaidh plé réamh-mhargaidh le soláthraithe agus saineolaithe neamhspleácha, faoi réir chosaintí in aghaidh iomaíocht a shaobhadh nó prionsabail thrédhearcacha agus neamh-idirdhealaithe a shárú
- laghdú ar na teorainneacha ama chun tairiscintí a bheith faighte de 30% nó mar sin i gcomparáid leis an staid faoi Rialacháin 2006
- Ceanglaítear ar Bhallstáit tuairisciú don Choimisiún gach trí bliana ar rannpháirtíocht FBM i soláthar poiblí

#### 4. Forálacha Comhshaoil, Sóisialta & Oibre

Ceanglaíonn Rialacháin 2016 ar thairgeoirí na hoibleagáidí infheidhme a chomhlíonadh i réimsí an dlí chomhshaoil, shóisialta agus oibre atá infheidhme i gcás ina bhfuil na hoibreacha atá á ndéanamh nó na seirbhísí atá á gcur ar fáil arna mbunú ag dlí AE, dlí náisiúnta, comhaontú comhchoiteann nó dlí idirnáisiúnta, comhshaoil, sóisialta agus oibre.

Cinntoidh ABP go bhféachann tairgeoirí go cuí do na forálacha reachtúla maidir le pá íosta, comhaontuithe tionsclaíocha nó earnála atá ina gceangal dlí agus do shaincheisteanna ábhartha sláinte agus sábháilteachta. Ba chóir tagairt chuí don ghá atá le comhlíonadh na bhforálacha sin a chur ag gabháil le doiciméid tairisceana.

Nuair is cuí, cuirfidh ABP bearta comhshaoil chun cinn i dtionscadail soláthair phoiblí. Is iad na réimsí is oiriúnaí le cur san áireamh i mbearta comhshaoil: fuinneamh; seirbhísí bia agus lónadóireachta; táirgí agus seirbhísí glantacháin; páipéar, teicstílí; teicneolaíocht na faisnéise agus na cumarsáide.

Gheofar in Aguisín 2 Treoir Chuimsitheach ar úsáid na gclásal comhshaoil.

#### 5. Ról & Freagrachtaí

##### Oifigeach Soláthair

- Eolas agus treoir ar chúrsaí soláthair a thabhairt don Bhord Pleanála.
- Dul i gceannas ar sholáthar earraí agus seirbhísí de scála suntasacha lena n-áirítear na doiciméid tairisceana a ullmhú, cleachtais fóna inbhunaithe soláthair a úsáid, cloí le beartais agus reachtaíocht soláthair an Bhoird Pleanála agus náisiúnta sula n-eisítear an tairiscint phoiblí.
- Cúnamh a chur ar fáil d'aonaid ghnó chun riachtanais/sonraíochtaí a ullmhú chun iarrataí ar luachana, tairiscintí nó tograí a chomhlíonadh.
- Dul i mbun oibre le comhairleoirí dlí agus comhairleoirí seachtracha eile soláthair chun comhlíonadh na rialachán atá anois ann agus rialacháin nua a chinntiú.
- Freastal ar ócáidí nuair a osclaítear tairiscintí, tograí agus luachana go poiblí.
- Painéil mheasúnaithe a eagrú agus a éascú chun leatháin theimpléid measúnaithe agus doiciméid eile a ullmhú.
- Anailís a dhéanamh ar gach tairiscint a fhaightear mar fhreagairt ar thairiscintí agus tuarascálacha achoimre a ullmhú nuair a iarrann painéil mheasúnaithe é chun cuidiú le cinnteoireacht ar aon dul le beartas soláthair an Bhoird Pleanála.

- Seisiúin aiseolais agus faisnéisithe a sholáthar, nuair a iarrtar iad, le freagróirí nár éirigh leo.
- Conarthaí agus dámhachtainí tairisceana a ullmhú don tairgeoir a n-éiríonn leis agus cinntiú go dtaifeadtar iad i gclár soláthair an Bhoird Pleanála.
- Monatóireacht a dhéanamh ar an bPlean Corparáideach Soláthair le cinntiú go ngníomhachtaítear soláthar mar is cuí.
- A gcion a dhéanamh chun beartas agus treoirlínte soláthair agus an plean corparáideach soláthair a nuashonrú agus a chur i dtoll a chéile ar aon dul leis an mbeartas agus an reachtaíocht náisiúnta.
- Tuarascálacha soláthair a ullmhú le cur faoi bhráid an Choiste Bainistíochta agus an Bhoird le taispeáint go bhfuil an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú á chomhlíonadh.
- Dul i mbun oibre leis an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste agus leis an fheidhm Iniúchta Inmheánaigh maidir le hiniúchadh ar sholáthar san iniúchadh bliantúil agus in iniúchtaí eile.
- Bheith rannpháirteach i dtionscadail agus i dtascanna speisialaithe soláthair, nuair is gá.
- Deiseanna a aithint le seirbhísí a chomhroinnt nó le creataí nó comhaontuithe eile ceadúnais a úsáid laistigh den earnáil phoiblí chun méadú a dhéanamh ar chomhréireacht agus ar éifeachtúlachtaí sa phróiseas soláthair.

### **Ball den Choiste Bainistíochta**

- Soláthair a aithint le cur leis an bPlean Corparáideach Soláthair.
- Buiséid a leithdháileadh le haghaidh earraí/seirbhísí ar gá soláthar maidir leo.
- Dul i mbun idirchaidrimh leis an Oifigeach Soláthair ar mhodhanna soláthair
- Sonraíochtaí a ullmhú le haghaidh iarrataí ar luachana, ar thairiscintí agus ar thograí

### **An Bord**

- Ceadú / Leasú an Bheartais agus na dTreoirlínte Soláthair Phoiblí
- Ceadú an Phlean Chorparáidigh Soláthair
- Ceadú chun modhanna a úsáid seachas tairiscintí iomaíocha maidir le soláthar earraí/seirbhísí lastuas de thairseach ar leith (os cionn €5,000 faoi láthair).
- Eisiúint cuireadh chun tairisceana a cheadú i gcás aon mhír earra/seirbhíse ar dócha go gcosnóidh sí os cionn €50,001 (Nóta: Caithfear ceadú a fháil ón Aonad Rialaithe TFC sa Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, leis, i gcás tograí/cuiridh TFC).
- Ceadú do ghlacadh tairiscintí/síniú conarthaí le haghaidh earraí/seirbhísí ar fiú os cionn €50,000 iad.
- Ceadú chun sócmhainní ar fiú os cionn €10,000 iad a dhiúscairt.

## 6. Clár na gConarthaí

Déanfaidh an tOifigeach Soláthair clár na dtairiscintí uile do sholáthar poiblí a oscailt agus a choimeád.

## 7. Tuairisciú

Ullmhaíonn an tOifigeach Soláthair Plean Corparáideach Soláthair gach bliain le haghaidh cheadú an Bhoird.

Cuireann an bhainistíocht an scéala is déanaí maidir le soláthar ar fáil go tréimhsiúil don Bhord mar chuid den Tuarascáil Bainistíochta mhíosúil.

Deimhníonn an Cathaoirleach sa tuarascáil chuimsitheach bhliantúil chuig an Aire gur cloíodh leis an mbeartas agus leis na nósanna imeachta cuí soláthair agus gur cuireadh an Plean Corparáideach Soláthair i dtoll a chéile agus i bhfeidhm.

Deimhníonn an Cathaoirleach go gcomhlíonann ABP na rialacha agus na treoirínte reatha soláthair atá leagtha amach ag an OGP sa ráiteas bliantúil ar an gCóras Rialuithe Inmheánacha.

## 8. Síneadh ar Chonarthaí

Is féidir conarthaí a bhronnadh maidir le tréimhsí suas le **trí bliana**. I gcás conarthaí a athnuaitear ar bhonn rialta/tréimhsiúil, m.sh. cothabháil, glanadh, sainchomhairleoirí agus mar sin de, is féidir síneadh bliana a chur leo ar mhaithe le leanúnachas agus éifeachtúlacht, ach an ceadú scríofa cuí a bheith faighte:

SÍNEADH AR CHEADÚ AN CHONARTHA		
Conarthaí	Le ceadú	Modh
€0 go €25,000	Oifigeach Sinsearach Riaracháin/Stiúrthóir Cúnta Pleanála	Meabhrán ina mbeidh an chúis leis an síneadh a chur isteach
€25,001 go €50,000	Príomhoifigeach	Meabhrán ina mbeidh an chúis leis an síneadh a chur isteach
> €50,000	An Bord	Páipéar ina mbeidh an chúis leis an síneadh a chur faoi bhráid an Bhoird

Ní mór roghanna chun síneadh a chur leis an gconradh a rá go soiléir nuair a chuirtear an tairiscint isteach. Is féidir méadú ar na praghsanna a cheadú ach ní mór an mheicníocht a aontaíodh i gcomhair an mhéadaithe (m.sh. an ráta boilscithe bliantúil) a bheith luaite sa tairiscint agus curtha isteach sa chonradh nuair a shínítear an conradh



## 9. Conarthaí Lárnacha & Socruithe Creata

I gcomhréir le Ciorclán 16/13 “Revision of arrangements concerning the use of Central Contracts” a d’eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ar an 28 Meán Fómhair 2013, is é beartas an Rialtais go mbainfeadh comhlachtaí poiblí úsáid, nuair is féidir, as gach ceann de na socruithe lárnacha sin. Mar chomhlacht poiblí, ceanglaítear ar an mBord Pleanála úsáid a bhaint as conarthaí agus creat-chomhaontuithe lárnacha atá curtha i bhfeidhm ag an Oifig um Sholáthar Rialtais agus raon earraí agus seirbhísí coitianta á gceannach.

Is éard is Creat-chomhaontú ann comhaontú idir údarás conarthach amháin nó níos mó agus oibreoir eacnamúil amháin nó níos mó ar mhaithe le téarmaí a rialóidh conradh a bhronnfar laistigh de thréimhse ar leith a leagan amach, go háirithe ó thaobh praghais agus, más cuí, cainníochta. Is é an tslí is oiriúnaí le Creat-Chomhaontú a úsáid ná i gcás ina mbíonn éileamh arís agus arís eile ar earraí nó ar sheirbhísí ach nach eol an méid go cruinn.

Is féidir go mbeidh dáta críochnaithe tar éis dheireadh théarma an chreata ag conarthaí a bhronntar faoi Chreat-Chomhaontú.

Is féidir Creat-Chomhaontuithe a úsáid, leis, le haghaidh soláthar faoi thairseacha AE.

Dhá rogha a bhíonn ann de ghnáth i gcás conarthaí lárnach atá curtha i bhfeidhm ag an Oifig um Sholáthar Rialtais:

### Rogha 1 – Íostarraingt Dhíreach

Is féidir dámhachtainí a dhéanamh go díreach gan comórtas a athoscailt i measc bhaill an chreata ar an modh atá leagtha amach sa chreat-chomhaontú.

### Rogha 2 – Mionchomórtas

Déantar dámhachtainí ar bhonn comórtas eile ina n-iarrtar ar gach ball den chreat a bheith rannpháirteach (mionchomórtas). Déantar iarratas forlíontach ar thairiscint a ullmhú agus a eisiúint do bhaill an chreata, ina leagtar amach na riachtanais ar leith, na teorainneacha ama agus ina n-úsáidtear na critéir dhámhachtana a shonraítear i ndoiciméid an chreat-chomhaontaithe. Is féidir é seo a eisiúint do bhaill an chreata go díreach nó trí sheirbhís tacaíochta na hOifige um Sholáthar Rialtais.

## 10. Soláthar Leictreonach

Timpeallacht ríomhsholáthair a shamhlaítear san athchóiriú fadtéarmach atá á dhéanamh ar sholáthar poiblí san Eoraip. Ceanglaítear i Rialacháin 2016 ríomhsholáthar a thabhairt isteach de réir a chéile i ngach réimse gnó, mar seo a leanas:

- tá fógraíocht leictreonach agus rochtain leictreonach ar dhoiciméid tairisceana éigeantach faoi láthair
- Ó Aibreán 2017, tá sé éigeantach tairiscintí agus iarrataí ar rannpháirtíocht a chur isteach go leictreonach i gcás comhlachtaí lárnacha ceannaigh.
- ní mór an ESPD a chur ar fáil i bhfoirm leictreonach amháin ó Aibreán 2018.
- ó Dheireadh Fómhair 2018, beidh sé éigeantach tairiscintí agus iarrataí ar rannpháirtíocht a chur isteach go leictreonach

## 11. Soláthar TFC

Baineann Ciorclán 02/16 na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, maidir le socruithe do chaiteachas digiteach agus caiteachas a bhaineann le TFC sa státseirbhís agus sa tseirbhís phoiblí le ceannacháin TFC a dhéanann An Bord Pleanála.

Is é príomhphrionsabal an chiorcláin sin go dteastaíonn réamhcheadú sainiúil na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ar bhonn bliantúil i gcás gach caiteachas nua a bhaineann le TFC agus gach tionscnamh nua a bhaineann le TFC a bhféadfadh caiteachas de €25,000 nó níos mó leanúint as. Ní mór iarrataí ar cheadú a chur isteach sula gcuirtear tús le cleachtadh soláthair nó caiteachas infheidhme a ghealladh ar shlí ar bith eile.

## 12. Eisiaimh

Bunphrionsabal den soláthar poiblí is ea é próiseas iomaíoch a úsáid ach amháin más féidir a mhalairt a chosaint i gcás eisceachtúil. I gcás eisceachtúil, is féidir nach mbeidh sé riachtanach tairiscint ar fiú os cionn €25k é ach atá faoi bhun thairseach AE a fhógairt. Ní mór ceadú an Bhoird a fháil i gcás ina mbeartaítear gan comórtas iomaíoch a sheoladh.

Seo a leanas na cásanna eisceachtúla sin:

1. Cás práinne, i gcás inar gá, de bharr cliseadh ar chomhpháirt den chóras TFC nó tuairteáil córais, comhphárteanna a sholáthar láithreach. I gcás mar seo, nuair is lú ná €25,000 an costas, mar a luadh, ba chóir tuarascáil a chur chuig an bPríomhoifigeach laistigh de sheachtain ag tabhairt cuntais ar nádúr na práinne, an beart éigeandála a rinneadh agus na costais.
2. Sainchomhairleoirí a fhostú faoi ailt 120(2) nó 124 den Acht um Pleanáil agus Forbairt a fhad is a mheasann an Bord nach chun leas a phobail a bheadh sé tairiscintí a lorg don tseirbhís sin agus/nó fostaítear na sainchomhairleoirí i dtrácht ar shlí neamh-idirdhealaitheach.
3. I gcás nach bhfaightear aon tairiscint nó aon tairiscint oiriúnach i gcomórtas oscailte/srianta tairiscintí, ar choinníoll nach ndéantar athrú suntasach ar bhunchoinníollacha an chonartha.
4. I gcás ina bhfostaítear An Foras Riaracháin chun oiliúint agus seirbhísí sainchomhairleoireachta a chur ar fáil don Bhord Pleanála agus nach mó ná €25,000 (CBL san áireamh) luach an chonartha. I gcásanna mar sin, ba chóir an caiteachas a bheith ceadaithe ag an bPríomhoifigeach.

Maidir le conarthaí ar fiú os cionn €25k iad (gan CBL), a bhronnfar gan próiseas iomaíoch, ní mór Tuarascáil Bhliantúil arna síniú ag an Oifigeach Cuntasaíochta a chur chuig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus chuig an Aire chun an fáth nár úsáideadh próiseas iomaíoch a mhíniú. Ba chóir cóip den Tuarascáil Bhliantúil a chur freisin chuig Aonad Beartais na hOifige um Sholáthar Rialtais, ríomhphost [returns@ogp.gov.ie](mailto:returns@ogp.gov.ie)

Déantar tagairt dó seo i gCiorclán 40/02 na Roinne Airgeadais.

### 13. Róchaiteachas

Ní mór do bhall an Choiste Bainistíochta faire dhian a dhéanamh ar gach tionscadal/conradh le bheith cinnte go ndéantar na hoibreacha nó na seirbhísí a chur i gcrích faoi theorainneacha na sonraíochta, ama agus costais. Maidir le seo, is féidir go gceapfaidh an Bord oifigeach tionscadail chun maoirseacht a dhéanamh ar an tionscadal. Má airítear go rachaidh an costas thar maoil, nó má thiteann a leithéid amach, ní mór é seo a chur in iúl don Phríomhoifigeach chomh luath agus is féidir. Ba chóir gach cúram a dhéanamh chun róchaiteachas a sheachaint.

### 14. Mionathrú Conartha

Is féidir go mbeidh sé riachtanach conarthaí a mhionathrú le linn a saolré má athraíonn na cúinsí a rialaíonn feidhmiú an tionscadail ó síníodh an bunchonradh. Tabhair ar aird go mbreathnófar ar mhionathrú substaintiúil ar fhorálacha conartha le linn a shaolré mar chonradh nua chun críoch Rialacháin 2016 agus beidh nós imeachta nua soláthair de dhíth. Is ionann mionathrú substaintiúil agus mionathrú a fhágann go bhfuil nádúr an chonartha difriúil go hábhartha ón gconradh a síníodh a chéadair. Ní mór ceann amháin de na coinníollacha seo a leanas a chomhlíonadh chun go mbreathnófar ar mhionathrú mar mhionathrú substaintiúil:

- Tugtar isteach leis an mionathrú coinníollacha, dá mba rud é go raibh siad mar chuid den bhunchomórtas soláthair, a cheadódh iarrthóirí eile a thabhairt isteach sa chomórtas seachas na hiarrthóirí a roghnaíodh a chéadair, nó a cheadódh tairiscint a ghlacadh seachas an tairiscint a ghlacadh a chéadair, nó a mheallfadh rannpháirtithe breise isteach sa chomórtas tairisceana,
- Athraíonn an mionathrú an chothromaíocht eacnamúil sa chonradh i bhfabhar an chonraitheora ar shlí nár foláradh dó sa bhunchonradh,
- leathnaíonn an mionathrú raon feidhme an chonartha go suntasach,
- gabhann conraitheoir nua áit an chonartha a dámhadh a chéadair i gcásanna seachas clásal athbhreithnithe nó comharbacht uilíoch nó pháirteach tar éis athstruchtúradh corparáideach.

Leagtar amach i Rialacháin 2016 na mionathruithe seo a leanas a cheadaítear go sonrath le linn shaol an chonartha gan comórtas nua soláthair. Sna cásanna seo, ba chóir don Bhord aon mhionathrú neamhsubstaintiúil ar chonradh a cheadú, tar éis comhairle dhlíthiúil a fháil más gá, agus ba chóir é a chur ar bhonn foirmiúil trí aghuisín leis an gconradh.

- I gcás ina ndéantar foráil le haghaidh na mionathruithe, beag beann ar a luach airgeadúil, sna doiciméid bhunaidh soláthair i bhfoirm chlásail shoiléire, chruinne, dhoshéanta, a bhféadfadh clásail nó roghanna athbhreithnithe praghaís a bheith iontu. Ba chóir go luafai i gclásal athbhreithnithe raon feidhme agus nádúr na mionathruithe nó na roghanna féideartha chomh maith leis na coinníollacha inar féidir iad a úsáid agus níor chóir go ndéanfaí foráil iontu do mhionathruithe nó do roghanna a chuirfeadh bunathrú ar nádúr an chonartha.
- I gcás inar gá don chonraitheoir bunaidh oibreacha, seirbhísí nó soláthairí breise a fháil, beag beann ar a luach, oibreacha, seirbhísí nó soláthairí nár foráladh lena n-aghaidh sa soláthar bunaidh agus i gcás nach féidir an conraitheoir a athrú (i) ar chúiseanna eacnamúla nó

teicniúla, lena n-áirítear riachtanais in-inmhalartaithe nó idir-oibritheacha le trealamh, seirbhísí, suiteálacha atá ann cheana agus a fuarthas faoin soláthar bunaidh, agus (ii) de bharr go mbeadh neamháisiúlacht shuntasach nó méadú suntasach ar chostais i gceist ann. Ní sháróidh aon mhionathrú 50% de luach an bhunchonartha agus i gcás ina ndéantar roinnt mionathruithe as a chéile beidh feidhm ag an teorannú sin maidir le luach gach mionathraithe agus ní fhéachtar i mionathruithe as a chéile teacht timpeall ar Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Dámh Conarthaí Údaráis Phoiblí) 2016. Ba chóir fógra faoi mhionathrú ar chonradh a fhoilsiú san OJEU laistigh de 30 lá ó fheidhmiú an mhionathraithe.

- Tá cás tagtha chun cinn nárbh fhéidir a thuar agus ní dhéanann an mionathrú aon difear do nádúr an chonartha i gcoitinne. Ní sháróidh aon mhionathrú 50% de luach an bhunchonartha agus i gcás ina ndéantar roinnt mionathruithe as a chéile beidh feidhm ag an teorannú sin maidir le luach gach mionathraithe agus ní fhéachtar i mionathruithe as a chéile teacht timpeall ar Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Dámhachtain Conarthaí Údaráis Phoiblí) 2016. Ba chóir fógra faoi mhionathrú ar chonradh a fhoilsiú san OJEU laistigh de 30 lá ó fheidhmiú an mhionathraithe.
- I gcás athrú conraitheora de bhun clásal athbhreithnithe doshéanta.
- Gabhann conraitheoir nua áit an tseanchonraitheora tar éis athstruchtúrú corparáideach ar nós táthcheangail, cumais, sealbhú nó dócmhainneacht agus ar choinníoll go gcomhlíonann an conraitheoir nua na critéir le haghaidh roghnú cáilíochtúil a leagadh síos a chéadair agus i gcás nach bhfuil aon mhionathrú substaintiúil eile ar an gconradh i gceist.
- I gcás mionathruithe nach mionathruithe substaintiúla iad, is cuma cén luach atá leo.
- I gcás nach sáraíonn luach na mionathruithe na tairseacha ábhartha Aontais Eorpaigh ná 10% (i gcás seirbhísí/soláthairtí) nó 15% (oibreacha) de luach an bhunchonartha.

## TREOIRLÍNTE SOLÁTHAIR

### 1. An Chéim Réamhthairisceana

Leagtar amach sa tábla thíos na céimeanna atá le comhlíonadh sa Tréimhse Réamhthairisceana.

Céimeanna na Tréimhse Réamhthairisceana		
Céimeanna	Cur síos	An Duine atá Freagrach
<b>An Riachtanas a Aithint</b>	Fáil amach cibé an bhfuil riachtanas gnó ann do na hearraí nó na seirbhísí. Ba chóir don soláthar a bheith riachtanach chun gnáthghnó a sheoladh nó chun feidhmíocht a fheabhsú.	Ball den Choiste Bainistíochta
<b>An tOifigeach Soláthair a chur ar an Eolas</b>	Ba chóir gach soláthar a chur in iúl don Oifigeach Soláthair a chabhróidh leis an bpróiseas soláthair chun na hearraí nó na seirbhísí a fháil.	Ball den Choiste Bainistíochta
<b>Déan teagmháil leis an Oifig um Sholáthar Rialtais</b>	Seiceáil an bhfuil socruithe soláthair ag an Oifig um Sholáthar Rialtais nó an bhfuil socruithe beartaithe aici a d'fhéadfadh an t-éileamh ar na hearraí nó na seirbhísí a chomhlíonadh. Má tá a leithéid de shocrú ann nach bhfuil in úsáid ar an ócáid seo, doiciméadaigh na cúiseanna leis sin. Tá an Oifig um Sholáthar Rialtais ar fáil le comhairle agus cúnaimh riaracháin maidir le nós imeachta a chur ar fáil maidir le haon phróiseas soláthair. Fón: 076 100 8000 Ríomhphost: <a href="mailto:support@ogp.gov.ie">support@ogp.gov.ie</a>	Oifigeach Soláthair
<b>Amlíne</b>	Cinntiú go bhfuil dóthain ama ar fáil sa chlár foráil a dhéanamh do nádúr na sonraíochta agus do chastacht an chonartha nuair a bhíonn scála ama á shocrú don phróiseas soláthair.	Ball den Choiste Bainistíochta
<b>An Costas a Mheas</b>	Tá sé riachtanach meastachán réalaíoch a fháil ar luach na n-earraí nó na seirbhísí atá le	Ball den Choiste Bainistíochta

	<p>soláthar. Is é luach an chonartha a shocróidh an nós imeachta soláthair is infheidhme; ní mór téarma iomlán an chonartha a chur san áireamh sa luach, aon síneadh ar an gconradh san áireamh.</p> <p>Conarthaí gan téarma socraithe, is gnách iad a luacháil ar bhonn soláthar réamh-mheasta <b>ceithre bliana</b>.</p> <p><b>Tábhachtach:</b> Níor chóir aon tionscadal nó ceannachán a scoilteadh nó a fho-roinnt d'aon ghnó chun nach dtiocfaidh sé faoi scóip na dTreoirínte Náisiúnta nó na dTeoracha AE. I gcás ina mbíonn bearta ar leith i gceist i dtionscadal nó i gceannachán, ní mór luach na mbearta ar fad a chur san áireamh i luach an chonartha.</p>	
<b>An Nós Imeachta Soláthair</b>	<p>Roghnaigh an nós imeachta ábhartha. I gcás conarthaí faoin tairseach, lean na nósanna imeachta maidir le Tairiscintí faoin Tairseach ag alt 2 thíos. I gcás conarthaí os cionn na tairsí ábhartha airgeadais AE, tá feidhm ag Rialachán an Aontais Eorpaigh (Bronnadh Conarthaí Údarais Áitiúil) 2016, lean na nósanna imeachta ag alt 3 thíos.</p>	Oifigeach Soláthair
<b>Ceadú Buiséid</b>	<p>Faigh amach cibé an bhfuil cistí ar fáil chun an ceannachán a dhéanamh agus cinntiú go ndéantar gach ceadú buiséadta agus don phróiseas soláthair a lorg in am trátha.</p> <p><b>Féach Ceadú an Phróisis Bhuiséadta agus Soláthair ag deireadh an tábla</b></p>	Ball den Choiste Bainistíochta

<b>Teimpléid</b>	Cinntiú go mbaintear úsáid as an teimpléad ceart den doiciméad tairisceana. Tá Teimpléid Chaighdeánacha RFT le haghaidh Earraí agus Seirbhísí ar fáil lena n-íoslódáil ar shuíomh gréasáin na hOifige um Sholáthar Rialtais ag <a href="http://www.ogp.gov.ie">www.ogp.gov.ie</a>	Oifigeach Soláthair
<b>Sonraíocht</b>	Sonraíocht riachtanas a ullmhú i gcás na n-earraí nó na seirbhíse i dtrácht. Cinntiú go bhfuil sé soiléir agus cuimsitheach agus nach ndéantar idirdhealú ann.	Ball den Choiste Bainistíochta
<b>Doiciméadú</b>	Doiciméid tairisceana a ullmhú, ina leagtar amach na Critéir Roghnúcháin agus na Critéir Dhámhachtana agus cinntiú go gcomhlíontar na rialacha soláthair. Gach doiciméid a sheiceáil ar mhaithe le hiomláine, cruinneas agus comhréireacht sula n-eisítear é.	Oifigeach Soláthair
<b>Tacaíocht agus Comhairle</b>	Tríd an bpróiseas soláthair, caidreamh a dhéanamh le Ball den Choiste Bainistíochta agus/nó leis an Oifig um Sholáthar Rialtais i gcás ina ndéantar earraí/seirbhísí a sholáthar go lárnach.	Oifigeach Soláthair

### CEADÚ DON PHRÓISEAS BUISÉADTA AGUS SOLÁTHAIR

Conarthaí	Le ceadú	Modh
€0 go €25,000	Oifigeach Sinsearach Riaracháin/Stiúrthóir Cúnta Pleanála	Meabhrán a chur isteach
€25,001 go €50,000	Príomhoifigeach	Meabhrán agus doiciméadú tacaíochta a chur isteach
> €50,000	Bord an Bhoird Pleanála	Páipéar a chur faoi bhráid an Bhoird

## 2. Tairiscintí faoin Tairseach

Baineann Tairiscintí faoin Tairseach le conarthaí nó ceannacháin atá faoi bhun luachanna tairisí\* AE. **Ní bhaineann** Rialacháin 2016 leo seo agus ba chóir an nós imeachta neamhfhoirmiúil seo a leanas a úsáid.

Lean an Chéim Réamhthairisceana atá leagtha amach sa tábla ag 1 thuas.

CÉIMEANNA I DTAIRISCINTÍ FAOIN TAIRSEACH I GCÁS EARRAÍ & SEIRBHÍSÍ		
FAOI BHUN €5k (gan CBL)	€5k – €25k (gan CBL)	€25k (gan CBL) – Tairseacha AE*
<ul style="list-style-type: none"> <li>Faigh luachana ó bhéal /ríomhphoist ó sholáthraí iomaíoch amháin nó níos mó  (is dea-chleachtas é 3 luacha ar a laghad a iarraidh, a dheimhneofar i ríomhphost)</li> <li>Roghnaigh an praghas is ísle/is oiriúnaí</li> <li>Iarr cead chun an conradh a dhámhachtain (féach leibhéal cheadaithe sa tábla thíos)</li> <li>Coimeád taifid iniúchóireachta</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Seol sonraíocht ghearr i ríomhphost chuig triúr soláthraithe ar a laghad, ag lorg luachana i ríomhphost  <b>Nóta: Ní mór gach soláthar TFC ar fiú €10k nó níos mó é a fhógairt ar shuíomh gréasáin eTenders</b></li> <li>Smaoinigh ar an áis Quick Quotes ar eTenders a úsáid</li> <li>Cuir na tairiscintí i gcomparáid le riachtanais shonraithe agus úsáid córas scórála</li> <li>Roghnaigh an tairiscint is oiriúnaí</li> <li>Iarr cead chun an conradh a dhámhachtain (féach leibhéal cheadaithe sa tábla thíos)</li> <li>Cuir dámhachtain an chonartha in iúl do gach tairgeoir</li> <li>Coimeád taifid iniúchóireachta</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Úsáid an Próiseas Foirmiúil</li> <li>Ullmhaigh doiciméad tairisceana leis an Nós Imeachta Oscailte</li> <li>Socraigh bonn dámhachtana (MEAT)</li> <li>Aontaigh an t-ualú do chritéir na dámhachtana</li> <li>Fógair ar shuíomh gréasáin eTenders leis an Nós Imeachta Oscailt <a href="http://www.etenders.gov.ie">www.etenders.gov.ie</a></li> <li>Meas na tairiscintí le córas na gcritéir ualaithe  Foireann cuí-oilte a ba chóir na tairiscintí a mheas.</li> <li>Roghnaigh an tairiscint is airde scór</li> <li>Iarr cead chun an conradh a dhámhachtain (féach leibhéal cheadaithe sa tábla thíos)</li> <li>Cuir dámhachtain an chonartha in iúl do gach tairgeoir</li> <li>Coimeád taifid iniúchóireachta</li> </ul>
<p><b>Teorainneacha Ama</b> Níl aon teorainneacha ama forordaithe i gcás nósanna imeachta faoin tairseach, mar sin féin ní mór dóthain ama a chur i leataobh chun tairiscintí a ullmhú a chur isteach le gur féidir le fiontair bheaga agus mheánmhéide a bheith rannpháirteach sa phróiseas. Mar riail ghinearálta, moltar <b>21 lá ar a laghad</b> a chur i leataobh le tairiscintí a fháil nuair a úsáidtear próiseas níos foirmeáilte.</p>		



\*- Déantar tairseacha AE a nuashonrú gach dhá bhliain. Is féidir tairseacha iomlána AE a sheiceáil ar shuíomh gréasáin Sholáthair Phoiblí AE [www.simap.europa.eu](http://www.simap.europa.eu) and on [www.procurement.ie](http://www.procurement.ie)

### Ceadú do Dhámhachtain Conartha

Iarr ceadú foirmeáilte do dhámhachtain an chonartha. Féach na leibhéil cheadaithe sa tábla thíos:

<b>CEADÚ DO DHÁMHACHTAIN RIACHTANAS CONARTHA</b>			
<b>Luach an Chonartha</b>	<b>Glacadh leis an Tairiscint ba Lú</b>	<b>Níor glacadh leis an Tairiscint ba Lú</b>	<b>Modh</b>
€0 - €25k	Oifigeach Sinsearach Riaracháin/Stiúrthóir Cúnta Pleanála	Príomhoifigeach	Ríomhphost/Meabhrán a chur isteach
€25k - €50k	Príomhoifigeach	Príomhoifigeach	Meabhrán agus doiciméadú tacaíochta a chur isteach
Os cionn €50k	An Bord	An Bord	Páipéar a chur faoi bhráid an Bhoird in éineacht leis an Tuarascáil Soláthair

### 3. Tairiscintí os cionn na Tairsí – Rialacha AE

Is gá na rialacha soláthair phoiblí atá leagtha amach i Rialacháin 2016 a chur i bhfeidhm go hiomlán i gcás conarthaí soláthar earraí agus seirbhísí a bhfuil a luach measta ionann agus tairseacha AE\* nó os a gcionn. Ní mór conarthaí a bhfuil a luach measta ionann agus tairseacha AE nó os a gcionn a fhógairt san OJEU (Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh) atá ar fáil ag suíomh gréasáin eTenders [www.etenders.ie](http://www.etenders.ie)

Is féidir tairseacha iomlána AE a sheiceáil ar shuíomh gréasáin Sholáthair Phoiblí AE [www.simap.europa.eu](http://www.simap.europa.eu) and on [www.procurement.ie](http://www.procurement.ie)

CÉIMEANNA I DTAIRISCINTÍ FAOIN TAIRSEACH THUAS I GCÁS EARRAÍ & SEIRBHÍSÍ		
Céimeanna	Cur síos	An Duine atá Freagrach
<b>Céimeanna na Tréimhse Réamhtairisceana</b>	Mar atá leagtha amach sa tábla ag 1 thuas.	Ball den Choiste Bainistíochta
<b>Déan teagmháil leis An Oifig um Sholáthar Rialtais</b>	Seiceáil an bhfuil socruithe soláthair ag an Oifig um Sholáthar Rialtais nó an bhfuil socruithe beartaithe aici a d'fhéadfadh an t-éileamh ar na hearraí nó na seirbhísí a chomhlíonadh. Má tá a leithéid de shocrú ann nach bhfuil in úsáid ar an ócáid seo, doiciméadaigh na cúiseanna leis sin.	Oifigeach Soláthair
<b>Roghnaigh an cineál nós imeachta dámhachtana</b>	Seo na sé chineál nós imeachta:  <ol style="list-style-type: none"> <li>1. Nós imeachta oscailte</li> <li>2. Nós imeachta srianta</li> <li>3. Nós imeachta iomaíoch le hidirbheartaíocht</li> <li>4. Idirphlé iomaíoch</li> <li>5. Comhpháirtíocht nuálach</li> <li>6. Nós imeachta idirbheartaithe gan fógra roimh ré</li> </ol>	Oifigeach Soláthair
<b>Tairiscint a phróiseáil i gcomhréir leis an nós imeachta dámhachtana roghnaithe</b>	Lean na nósanna imeachta soláthair atá leagtha amach i Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Conarthaí Údarais Phoiblí a Dhámhachtain) 2016  agus <a href="#">DPER Public Procurement Guidelines for Goods &amp; Services July 2017</a>	Oifigeach Soláthair

## Diúscairt Sócmhainní

Leagtar amach in Ailt 8.34 go 8.43 den Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016 na forálacha chun Sócmhainní Stáit a Dhiúscairt

### Sócmhainní a Dhiúscairt do Bhaill an Bhoird d'Fhostaithe nó dá dteaghlaigh

Foráiltear in Alt 8.40 den Chód Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú gur chóir sócmhainní a dhiúscaítear do bhaill an Bhoird, d'fhostaithe nó dá dteaghlaigh nó do dhaoine a bhfuil baint acu leis an mBord, a dhiúscairt ar phraghas cothrom bunaithe ar an margadh. Ba chóir taifead a choiméad i gclár ar leith de gach diúscairt den sórt sin (ina mbeidh sonraí na sócmhainne atá le diúscairt, an praghas a íocadh agus ainm an cheannaitheora) (is féidir miondiúscairti faoi €5,000 a fhágáil amach as an gclár).

Leagtar amach sa Chód na nósanna imeachta atá le comhlíonadh i gcás inar mó ná €150,000 praghas diúscairthe na sócmhainne. Comhlíonfaidh An Bord Pleanála na nósanna imeachta má thagann diúscairt mar seo chun cinn riamh.

Nasc chuig an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú

[Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016](#)

### Iarraidh ar Údarú chun Sócmhainn Shocraithe a Dhiúscairt

Ba chóir do bhaill foirne an Fhoirm chun Diúscairt Sócmhainní Seasta a Údarú a líonadh isteach nuair a bhíonn údarú á iarraidh chun sócmhainn shocraithe de luach ar bith a dhiúscairt.

Gheofar ag [Aguisín 1](#) Foirm chun Diúscairt Sócmhainní Socraithe a Údarú.

## AGUISÍN 1 - Foirm chun Diúscairt Sócmhainní Socraithe a Údarú

An Bord Pleanála Foirm chun Diúscairt Sócmhainní Socraithe a Údarú	
Uimhir na Sócmhainne Socraithe	
Cineál na Sócmhainne: Crua-earraí TF/Trealamh Oifige (Scríos an cean nach n-oireann)	
Cur síos ar an tSócmhainn (.i. diosca cruu, monatóir, srl.):	
Sraithuimhir	
Suíomh na Sócmhainne	
Dáta an Cheannaigh	
Luach an Cheannaigh	
Luach Reatha	
An Chúis leis an Diúscairt	
An Brabús ar an Diúscairt	
An Modh Diúscairthe: Scriosta/ Díolta/ Athchúrsáilte	
<b>IARRAIDH AR DHIÚSCAIRT NA MÍRE THUASLUAITE</b>	
SÍNITHE:	DÁTA:
<b>ÚDARÚ DO DHIÚSCAIRT NA MÍRE</b>	
SÍNITHE:	DÁTA:
Stiúrthóir Gnóthaí Corparáideacha/Príomhoifigeach/Ball den Bhord	
<b>D'ÚSÁID NA FOIRNE AIRGEADAIS AMHAIN – OIFIGEACH FEIDHMIÚCHÁIN NÓ NÍOS AIRDE</b>	
DIÚSCAIRT CLÁRAITHE SA CHLÁR	
SÍNITHE:	DÁTA:

## AGUISÍN 2 – Na Príomhdoiciméid Tagartha

Reachtaíocht Eorpach	Cur i bhfeidhm in Éirinn
<b>Soláthar Poiblí</b> Treoir 2014/24/CE den 26 Feabhra 2014 ar sholáthar poiblí agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/18/CE	I.R. Uimh. 284/2016 – Rialachán an Aontais Eorpaigh (Conarthaí Údaráis Phoiblí a Dhámhachtain)
<b>Lamháltais</b> Treoir 2014/23/AE den 26 Feabhra 2014 maidir le conarthaí lamháltais a dhámhachtain	I.R. Uimh. 326/2017 – Rialachán an Aontais Eorpaigh (Conarthaí Lamháltais a Dhámhachtain) (Nósanna Imeachta Athbhreithniúcháin) 2017
<b>Sonrascadh Leictreonach</b> Treoir 2014/55/AE den 16 Aibreán 2014 maidir le sonrascadh leictreonach i gcúrsaí soláthair poiblí	
<b>Treoir Leigheasanna</b> Treoir 89/665/CEE den 21 Nollaig 1989 Nósanna imeachta athbhreithniúcháin maidir le conarthaí soláthair poiblí a dhámhachtain	I.R. Uimh. 192/2015 – Rialachán an Aontais Eorpaigh (Conarthaí Lamháltais a Dhámhachtain) (Nósanna Imeachta Athbhreithniúcháin) 2015
<b>Leasú ar an Treoir Leigheasanna</b> 2007/66/CE den 11 Nollaig 2007 lena leasaítear Treoir 89/665/CEE ón gComhairle maidir leis na nósanna imeachta athbhreithniúcháin a dhéanamh níos éifeachtaí	I.R. Uimh. 130/2010 – Rialachán ón gComhphobal Eorpach (Conarthaí Údaráis Phoiblí) (Nósanna Imeachta Athbhreithniúcháin) 2010

Príomhchiorcláin Earraí agus Seirbhísí	
Ciorclán an RCPA 20/19	Úsáid Cúrsaí Comhshaoil agus Sóisialta i Soláthar Poiblí a chur chun cinn
Ciorclán an RCPA 01/16	Soláthar Foirgníochta
Ciorclán an RCPA 02/16	Caiteachas a bhaineann le Cúrsaí Digiteach & TFC sa státseirbhís agus sa tseirbhís poiblí
Ciorclán an RCPA 10/14	Tionscnaimh chun cuidiú le FBManna i soláthar poiblí
Ciorclán an RCPA 13/13	An Cód Caiteachais Phoiblí
Ciorclán an RCPA 16/13	Conarthaí lárnaigh in úsáid ag an tSeirbhís Náisiúnta Soláthair
Ciorclán an RCPA 05/13	Soláthar Seirbhísí Dlí agus Bainistiú Costas Dlí
Ciorclán an RA 01/11	Samhaildoiciméad Tairisceana Conartha maidir le Conarthaí Seirbhíse Poiblí & Soláthairtí
Ciorclán an RA 40/02	Treoirlíne Soláthair Phoiblí – athbhreithniú ar na nósanna imeachta reatha chun conarthaí áirithe san earnáil lárnaigh rialtais a cheadú

An Phríomhthreoir
Treoirlínte Soláthair Phoiblí an RCPA i gcás Earraí & Seirbhísí 2019
Soláthar Glas – Treoir don Earnáil Phoiblí (GCC) – 2014
Tairiscintí Glasa – Plean Gníomhaíochta ar Sholáthar Poiblí Glas – 2012
Lámhleabhair an Cheannaigh Ghlais (CE)
An Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú – 2016
Eitic i Soláthar Poiblí – 2005
An Cód Caiteachais Phoiblí
Treoirlínte maidir le sainchomhairleoirí agus tacaíocht sheachtrach eile a fhostú sa Státseirbhís – 2006
Coinbhleachtaí Leasa san Earnáil Phoiblí a Bhainistiú – Foireann Uirlisí (OECD)
Samhailscéim Foilsitheoireachta Saorála Faisnéise